2026/267

29.1.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/267 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Eanáir 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

(2) Cuireadh i bhfios sna conclúidí ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 gur dhiúltaigh an tAontas go láidir do chleachtas na hIaráine saoránaigh eachtracha, lena n-áirítear dénáisiúnaigh, a choinneáil go treallach agus gur iarr sé ar an Iaráin deireadh a chur leis an gcleachtas anacrach trína gcoimeádtar sibhialtaigh eachtracha neamhchiontacha d'fhonn buntáistí polaitiúla a bhaint amach. Mheabhraigh an tAontas don Iaráin a hoibleagáidí idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiúin Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta agus ar Chaidreamh Consalachta agus thathantaigh sé ar údaráis na hIaráine na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

(3) An 9 Eanáir 2026, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ráiteas thar ceann an Aontais inar tugadh dá aire agus is cúis mhór imní dó na tuarascálacha maidir le taismigh agus cháin sé sa ráiteas céanna an úsáid a bhaineann fórsaí slándála as foréigean, an choinneáil threallach agus oirbhearta imeaglaithe i gcoinne léirsitheoirí. Iarradh sa ráiteas go scaoilfí saor láithreach gach duine atá á choinneáil go héagórach as a gcearta bunúsacha a fheidhmiú agus tathantaíodh ar údaráis na hIaráine cloí le hoibleagáidí idirnáisiúnta na hIaráine agus seasamh go hiomlán leis an gceart chun tuairimí a nochtadh, an ceart chun saoirse comhlachais agus chun saoirse comhthionóil shíochánta. Iarradh ann freisin go gcinnteofaí an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, lena n-áirítear trí rochtain ar an idirlíon a athbhunú do chách.

(4) Sa chomhthéacs sin, agus i gcomhréir le gealltanas an Aontais aghaidh a thabhairt ar gach ábhar imní a bhaineann leis an Iaráin, lena n-áirítear staid chearta an duine, ba cheart 15 dhuine agus 6 eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Eanáir 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/359/oj.

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘245.	Eskandar MOMENI اسکندر مؤمنی	Feidhm: An tAire Gnóthaí Baile; Ceann na Comhairle Slándála Náisiúnta; Leas-Ardcheannasaí Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) Dáta breithe: 1962 Áit bhreithe: Qaem Shahr, an Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Eskandar Momeni Aire Gnóthaí Baile na hIaráine agus Ceann na Comhairle Slándála Náisiúnta. Sa ról sin, déanann sé maoirseacht ar Law Enforcement Forces (Fórsaí Forfheidhmithe Dlí) na hIaráine, atá freagrach as sáruithe follasacha tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír. Feidhmíonn Momeni mar Leas-Ardcheannasaí de chuid Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) freisin agus sa cháil sin déanann sé maoirseacht ar fhórsaí slándála éagsúla IRGC lena n-áirítear Fórsa Frithbheartaíochta Basij. Ina dhá ról, tá Momeni freagrach as agóidí sráide a chur faoi chois, a raibh na céadta taismeach ó lámha fórsaí slándála éagsúla atá faoina smacht mar thoradh orthu. I mí Lúnasa 2024, cuireadh Momeni i gceannas ar imscrúdú ar bhás Mohammad Mirmousavi, a chéas na fórsaí slándála chun báis, agus shaoraigh Momeni na fórsaí slándála ó mhilleán sa chás sin tríd an milleán a chur ar an íospartach. Dá bhrí sin, tá Eskandar Momeni freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026
246.	Mohammad MOVAHEDI-AZAD محمد موحدی آزاد	Feidhm: Príomh-Ionchúisitheoir Dáta breithe: 6.9.1960 Áit bhreithe: Qom, an Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Mohammad Movahedi-Azad an Príomh-Ionchúisitheoir agus bhí sraith poist thábhachtacha aige i gcóras breithiúnach na hIaráine, go háirithe in Tehran. Le linn a ghairmréime, d’eisigh sé pianbhreitheanna éagóracha agus sheas sé leo, go háirithe i gcoinne agóideoirí agus mionlach, rinne sé iarracht aon easaontú agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chur faoi chois, agus rinne sé maoirseacht ar chéastóireacht. Le linn na n-agóidí ar fud na tíre san Iaráin a thosaigh i mí na Nollag 2025, ina cháil mar Phríomh-Ionchúisitheoir, bhagair sé pionós an bháis ar agóideoirí as “naimhdeas i gcoinne Dé” agus d’iarr sé go ndéanfaí a gcuid sócmhainní a urghabháil. Dá bhrí sin, tá Mohammad Movahedi-Azad freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
247.	Seyed Majid Feiz JAFARI سید مجید فیض جعفری	Feidhm: Ceann na bPóilíní Slándála Poiblí Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Tá Seyed Majid Feiz Jafari ina Cheann ar na Póilíní Slándála Poiblí. Sa phost sin, bhí ról gníomhach aige i gcur faoi chois foréigneach agóidí síochánta. Baineann na Póilíní Slándála Poiblí úsáid chórasach as foréigean agus modhanna imeaglaithe i gcoinne agóideoirí agus gníomhaithe, rud a sháraíonn a gcearta chun tuairimí a nochtadh agus a saoirse comhthionóil. Dá bhrí sin, tá Seyed Majid Feiz Jafari freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026
248.	Ahmad Ali FAIZULLAHI احمدعلی فیض اللهی	Feidhm: Ceannasaí Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) Saberin Takavar Special Forces Brigade Dáta breithe: 1966 nó 1967 Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Ahmad Ali Faizullahi Ceannasaí Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) Saberin Takavar Special Forces Brigade (Briogáid Fórsaí Speisialta Saberin Takavar IRGC), fórsa oibríochtaí speisialta scothaicme laistigh d'Fhórsaí Talún IRGC. Bhí baint dhíreach ag Briogáid Fórsaí Speisialta Saberin Takavar le hagóidí san Iaráin a chur faoi chois go foréigneach agus le sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine, lena n-áirítear i ndáil leis na hagóidí ar fud na tíre san Iaráin a thosaigh i mí na Nollag 2025. Dá bhrí sin, tá Ahmad Ali Faizullahi freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026
249.	Iman AFSHARI	Feidhm: Breitheamh ceannais Bhrainse 26 de Chúirt Réabhlóideach Tehran Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Iman Afshari breitheamh ceannais Bhrainse 26 de Chúirt Réabhlóideach Tehran. Sa cháil sin, bhí ról lárnach aige maidir le beartais leatromacha réimeas na hIaráine a chaomhnú, pianbhreitheanna báis agus téarmaí fada príosúin a eisiúint i gcoinne príosúnaigh pholaitiúla, gníomhaithe ar son chearta an duine, agus mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha. Dá bhrí sin, tá Iman Afshari freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
250.	Ali Abdollahi ALIABADI علی عبداللهی علی‌آبادی	Feidhm: Ceannasaí Cheanncheathrú Lárnach Khatam al-Anbiya Dáta breithe: 1959 Áit bhreithe: Aliabad, contae Rudbar, an Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Ali Abdollahi Aliabadi Ceannasaí Cheanncheathrú Lárnach Khatam al-Anbiya, a dhéanann maoirseacht ar chomhordú idir Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) agus Arm na hIaráine. Mar Cheannasaí, déanann sé maoirseacht, comhordú agus pleanáil ar oibríochtaí míleata uile na hIaráine a bhaineann le brainsí éagsúla d'Fhórsaí Armtha na hIaráine, mar shampla na Póilíní, IRGC agus an tArm. Dá bhrí sin, bíonn ról suntasach ag Ceanncheathrú Lárnach Khatam al-Anbiya freisin maidir le cniogbheartaíocht fhorleathan agus cur faoi chois a chur i bhfeidhm trí fhoréigean tromchúiseach a úsáid. Faoi cheannas Aliabadi ar Khatam al-Anbiya Central Headquarters, tá Fórsaí Armtha na hIaráine ag gabháil, ag bualadh, ag céasadh agus ag marú Iaránach. Dá bhrí sin, tá Ali Abdollahi Aliabadi freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026
251.	Ruhollah Momen NASAB روح الله مؤمن نسب	Feidhm: Ceann bhrainse Tehran de chomhlacht rialtais an "Headquarters for Promoting Virtue and Preventing Vice" Dáta breithe: 21.1.1981 Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Tá Ruhollah Momen Nasab ina cheann ar chraobh Tehran de chomhlacht rialtais ar a dtugtar an "Headquarters for Promoting Virtue and Preventing Vice" (an Cheanncheathrú um an tsuáilce a chur chun cinn agus an duáilce a chosc), a fhreagraíonn ar deireadh do Khamenei. Faoi thionscnamh Nasab, bhunaigh an comhlacht sin Aonad "Chastity and Hijab" (Geanmnaíocht agus Hijab) a mbíonn sé d'aidhm aige faireachán a dhéanamh ar éadaí na mban san Iaráin. Ina theannta sin, ghlac Ruhollah Momen Nasab páirt i bhfeachtais bhréagaisnéise ar líne, a rinneadh trí chuntais bhréige a chruthú le hainmneacha cáiliúla a úsáid. Ina theannta sin, tá Ruhollah Momen Nasab ar dhuine de phríomhdhearthóirí an Phlean um Chosaint an Chibearspáis, arb é is aidhm dó srian a chur le rochtain saor in aisce na saoránach ar an idirlíon san Iaráin ionas go mbeidh sé dodhéanta do shaoránaigh úsáid a bhaint as líonraí sóisialta ar nós Instagram agus WhatsApp, agus seirbhísí Google agus seirbhísí ríomhphoist eile. Dá bhrí sin, tá an ceart chun faisnéis a fháil agus chun tuairimí a nochtadh atá ag muintir na hIaráine á shárú ag Ruhollah Momen Nasab, agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/267/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
252.	Haidar OLFATI ar a dtugtar freisin Heydar OLFATI	Feidhm: Ceannasaí Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) i gcúige Ilam Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Ceannasaí é Haidar Olfati ar Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) i gCúige Ilam. Faoina cheannas, bhí baint ag fórsaí IRGC i gcúige Ilam le léirsithe a chur faoi chois le foréigean, lena n-áirítear le linn na n-agóidí ar fud na tíre san Iaráin a thosaigh i mí na Nollag 2025, áit ar scaoil fórsaí IRGC urchair le hagóideoirí síochánta, rud a d'fhág go bhfuair daoine bás agus gur gortaíodh daoine. Mar Cheannasaí ar IRGC i gcúige Ilam, tá Haidar Olfati freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin, lena n-áirítear sáruithe ar an gceart chun na beatha agus ar na cearta chun tuairimí a nochtadh agus chun comhthionóil shíochánta.	29.1.2026
253	Morteza SHEYKHI مرتضی شیخی ar a dtugtar freisin Morteza SHEIKHI	Feidhm: Ceannasaí Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) in Azna County Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Tá Morteza Sheykhi ina Cheannasaí ar Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) i gContae Azna, Cúige Lorestan, ó 2024 i leith. Faoina cheannas, bhí baint ag fórsaí IRGC i gContae Azna le léirsithe a chur faoi chois le foréigean, lena n-áirítear le linn na n-agóidí ar fud na tíre san Iaráin a thosaigh i mí na Nollag 2025, áit ar scaoil fórsaí IRGC urchair le hagóideoirí, rud a d'fhág go bhfuair daoine bás agus gur gortaíodh daoine. Mar Cheannasaí ar IRGC i gContae Azna, tá Morteza Sheykhi freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.	29.1.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
254.	Seyed Ali-Asghar POURBEHESHT سید علی‌اصغر پوربهشت	Feidhm: Ceannasaí Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) agus Basij Resistance Force chontae Kohgiluyeh Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Tá Seyed Ali-Asghar Pourbehesht ina Cheannasaí ar Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) agus ar Basij Resistance Force (Fórsa Frithbheartaíochta Basij) i gcontae Kohgiluyeh. Is eagraíocht pharaimíleata dheonach é Fórsa Frithbheartaíochta Basij atá ag feidhmiú faoi IRGC agus tá brainsí aige ar fud na hIaráine. Bhí Fórsa Frithbheartaíochta Basij ar cheann de na fórsaí ar thug Rialtas na hIaráine ordú dóibh agóidí mhí Mheán Fómhair 2022 a threascairt go foréigneach. Bhí baint ag IRGC agus Fórsaí Basij freisin le cur faoi chois foréigneach ar na hagóidí ar fud na tíre san Iaráin a thosaigh i mí na Nollag 2025 agus a raibh go leor taismeach agus coinneáil threallach mar thoradh orthu, lena n-áirítear i gcontae Kohgiluyeh. Dá bhrí sin, ina cháil mar Cheannasaí ar IRGC agus ar Fhórsa Frithbheartaíochta Basij, tá Seyed Ali-Asghar Pourbehesht freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin, lena n-áirítear an ceart chun na beatha agus an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoirse comhthionóil.	29.1.2026
255.	Alireza NOSHAD ar a dtugtar freisin Alireza NOWSHAD	Feidhm: Ceannasaí póilíneachta Chontae Marvdasht agus comhalta den Chomhairle Slándála Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Alireza Noshad Ceannasaí Póilíneachta chontae Marvdasht agus is comhalta den Chomhairle Slándála Chontae Marvdasht é. Sa cháil sin, stiúir Alireza Noshad an cur faoi chois foréigneach ar na hagóidí ar fud na tíre san Iaráin a thosaigh i mhí na Nollag 2025, rud a d'fhág go bhfuair daoine bás agus gur gortaíodh daoine. Dá bhrí sin, tá Alireza Noshad freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/267/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
256.	Rasoul JALILI رسول جلیلی	Feidhm: Comhalta den Supreme Council for Cyberspace (Ardchomhairle an Chibearspáis); taighdeoir acadúil in Sharif University of Technology (Ollscoil Teicneolaíochta Sharif) agus Uachtarán na hOllscoile sin Dáta breithe: 1961 Áit bhreithe: Eqlid, Fars, an Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Tá Rasoul Jalili ina chomhalta d' Ardchomhairle an Chibearspáis (SCC) na hIaráine, eintiteas atá liostaithe ag an Aontas. Sa ról sin, bhí baint aige le huirlisí cinsireachta agus faireachais a fhorbairt agus tá baint aige leis an Sharif Opening Plan, córas cisealta le haghaidh rochtain ar an idirlíonsan Iaráin, lena ndéantar idirdhealú idir daoine aonair bunaithe ar a stádais ghairmiúla agus shóisialta. Tá SCC freagrach freisin as na srianta rochtana ar an idirlíon a chomhordú chun agóidí a chosc nó a chur faoi chois agus chun rochtain ar fhaisnéis oscailte agus saor in aisce a theorannú. Ina ról san Ardchomhairle Cibearspáis tá an ceart chun faisnéis a fháil agus chun tuairimí a nochtadh atá ag muintir na hIaráine á shárú ag Rasoul Jalili. Dá bhrí sin, tá Rasoul Jalili freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin agus tá baint aige le hArdchomhairle an Chibearspáis, eintiteas atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026
257.	Masoud MOSADEGH مسعود مصدق ar a dtugtar freisin Masoud MOSSADEGH ar a dtugtar freisin Masoud MOSADDEQ	Feidhm: Briogáidire-Ghinearál; Ceannasaí na nAonad Speisialta d'Fhórsaí na hIaráine um Fhorfheidhmiú an Dlí (Aonaid Speisialta LEF) Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Masoud Mosadegh Ceannasaí na nAonad Speisialta d'Fhórsaí na hIaráine um Fhorfheidhmiú an Dlí (Aonaid Speisialta LEF). Rinneadh Aonaid Speisialta LEF a imscaradh go minic chun agóidí síochánta a chur faoi chois go foréigneach, chun sibhialtaigh a mharú agus a ghortú. Ba é sin an cás freisin maidir leis na hagóidí ar fud na tíre san Iaráin a thosaigh i mhí na Nollag 2025. Tá Masoud Mosadegh freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
258.	Mohsen EBRAHIMI محسن ابراهیمی	Feidhm: Ceannasaí Counter-Terrorism Special Force (NOPO) Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Mohsen Ebrahimi Ceannasaí Counter-terrorism Special Force (Fórsa Speisialta Frithsceimhlitheoireachta) na hIaráine (NOPO), an t-eintiteas atá liostaithe ag an Aontas. Is foroinn é NOPO de Special Units (Aonaid Speisialta) de Law Enforcement Forces (Fórsaí Forfheidhmithe Dlí) na hIaráine agus (Fórsaí Forfheidhmithe Dlí Phoblacht Ioslamach na hIaráine) (LEF). Is aonad speisialaithe ardoilte é NOPO a imscartar go minic agóidí a bhriseadh suas. D'úsáid NOPO foréigean iomarcach agus fórsa marfach i gcoinne agóideoirí neamharmtha, lena n-áirítear mná agus leanaí. Rinneadh sáruithe ar chearta an duine a dhoiciméadú le linn agóidí éagsúla lena n-áirítear na n-agóidí ar fud na tíre san Iaráin a thosaigh i mhí na Nollag 2025. Tá Mohsen Ebrahimi freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026
259.	Mohsen FATHIZADEH محسن فتحی زاده ar a dtugtar freisin Mohsen FATHI ZADEH	Feidhm: Ceann Eagraíocht Cosanta agus Faisnéise an Law Enforcement Forces (Fórsa Forfheidhmithe Dlí) (LEF) An Rangú Míleata: Briogáidire-Ghinearál Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimhir cárta aitheantais náisiúnta: 4839651760	Is é Mohsen Fathizadeh Ceann Eagraíocht Cosanta agus Faisnéise an Fhórsa Forfheidhmithe Dlí (LEF) san Iaráin. Is é misean na hEagraíochta Cosanta agus Faisnéise tacaíocht faisnéise a chur ar fáil do cheannas na bpóilíní agus, ar an gcaoi sin, slándáil inmheánach a áirithiú san Iaráin. Rinne gníomhairí faoin cheannas Mohsen Fathizadeh gníomhaithe a ghabháil go treallach, agóideoirí síochánta a chur faoi chois go foréigneach, agus rialacháin dhiana an hijab a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin, rinneadh LEF a imscaradh go minic chun agóidí síochánta a chur faoi chois go foréigneach, chun sibhialtaigh a mharú agus a ghortú. Tá Mohsen Fathizadeh freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026';

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘46.	Iranian Audio-Visual Media Regulatory Authority (SATRA) سازمان تنظیم مقررات رسانه های صوت و تصویر فراگیر در فضای مجازی - ساترا	Seoladh: No. 234, Motahari St., Tehran, an Iaráin PO Box: 1588874611 Áit chlárúcháin: An Iaráin Dáta clárúcháin: 2016	Is comhlacht rialtais é Audio-Visual Media Regulatory Authority (SATRA) (an tÚdarás Rialála Closamhairc) (SATRA) atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar ábhar ar líne agus ar ábhar físe a fhoilsítear san Iaráin, lena n-áirítear táirgí siamsaíochta a thaispeántar ar ardáin sruthaithe atá faoi úinéireacht phríobháideach. Oibríonn SATRA faoi mhaoirseacht an chraoltóra stáit, Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) (Craoltóireacht Phoblacht Ioslamach na hIaráine) agus, dá bhrí sin, tá baint aige le IRIB, eintiteas atá liostaithe ag an Aontas. Mar chuid dá gníomhaíochtaí, déanann SATRA cinsireacht ar ábhar polaitiúil agus cultúrtha, mar shampla tuairimí polaitiúla easaontacha a chuirtear in iúl i seónna teilifíse agus i scannáin, léirithe ar ól alcóil, caitheamh tobac, agus gan hijab a chaitheamh. Trí chinsireacht a dhéanamh ar ábhar meán, sáraíonn SATRA an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil atá ag muintir na hIaráine agus saoirse agus iolrachas na meán. Dá bhrí sin, tá SATRA freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026
47.	Seraj Cyberspace Organization	Áit chlárúcháin: Fars, an Iaráin Suíomh gréasáin: https://seraj.ir/ Dáta clárúcháin: 2013	Bhunaigh IRGC Seraj Cyberspace Organization chun tacú le gaireas Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) trí úsáideoirí idirlín atá ar son an réimis a earcú, a oiliúint agus a shlógadh. Áirítear ar oibríochtaí Seraj Cyberspace Organization feachtais trollála ar na meáin shóisialta, bréagaisnéis agus mífhaisnéis a scaipeadh ar líne, haischlibeanna i bhfabhar an réimis a chur ag treochtáil agus deighiltí a chothú i measc lucht freasúra na hIaráine. Úsáidtear cuntais a bhaineann le Seraj Cyberspace Organization freisin chun ábhar mí-úsáide a scaipeadh ina gcoinne siúd atá in aghaidh na Poblachta Ioslamaí agus chun ionsaí a dhéanamh ar lucht freasúra pholaitiúil ar líne. Dá bhrí sin, tá na cearta chun faisnéis a fháil agus chun tuairimí a nochtadh atá ag muintir na hIaráine á shárú ag Seraj Cyberspace Organization. Dá bhrí sin, tá Seraj Cyberspace Organization freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
48.	Working Group for Determining Instances of Criminal Content کارگروه تعیین مصادیق محتوای مجرمانه ar a dtugtar freisin WGDICC ar a dtugtar freisin Commission to Determine the Instances of Criminal Content (CDICC) ar a dtugtar freisin The Filtering Committee ar a dtugtar freisin Internet Blocking Censory Committee	Seoladh: Sure-Esrafil St, Tehran, an Iaráin Áit chlárúcháin: Sure-Esrafil St, Tehran, an Iaráin Suíomh gréasáin: http://internet.ir	Is comhlacht breithiúnach í The Working Group for Determining Instances of Criminal Content (an Mheitheal um Ábhar Coiriúil a Chinneadh) (WGDICC) a oibríonn faoi Oifig Ghinearálta Aturnae na hIaráine agus faoin Aireacht Dlí agus Cirt. Tá sé de chúram air an t-idirlíon san Iaráin a scagadh agus cinsireacht a dhéanamh air. Chun é sin a dhéanamh, comhoibríonn sé le roinnt cuideachtaí agus eagraíochtaí meán chun uirlisí faireachais agus cinsireachta a fhorbairt agus a chur in úsáid. Áirítear orthu sin uirlisí atá dírithe ar bhandaleithead a laghdú, ardáin idirnáisiúnta na meán sóisialta a bhlocáil, agus VPNanna neamhúdaraithe a bhlocáil. Ina theannta sin, tá baint ag WGDICC le faisnéis a scagadh a mheastar a bheith contrártha do chreidimh náisiúnta agus do shábháilteacht réimeas na hIaráine. Ar an gcaoi sin, tá WGDICC ag cur teorainn shistéamach leis an rochtain ar fhaisnéis neamhspleách agus le saoirse shaoránaigh na hIaráine a dtuairimí a chur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, chomh maith lena saoirse iad féin a eagrú chun éifeacht a thabhairt don tsaoirse comhthionóil, go háirithe trí úsáid a bhaint as ardáin ar líne ar nós na meán sóisialta. Tá WGDICC freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar an gceart chun faisnéis a fháil, an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun saoirse comhthionóil atá ag muintir na hIaráine. Dá bhrí sin, tá WGDICC freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/267/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
49.	Yaftar Pazhohan Pishtaz Rayanesh Limited Company ar a dtugtar freisin Yaftar ar a dtugtar freisin Yaftar Company	Seoladh: No.37, Unit 13, Qasemi Street, Habibollah Street, Azadi Avenue, Tehran, 1576984418, an Iaráin Seoladh: No. 56, 4th and 5th floors, Ghasemi Alley, Shahid Akbari Boulevard, Azadi St, Tehran, an Iaráin An cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta Cláruimhir: 436501 Uimhir aitheantais náisiúnta: 10320862133	Is cuideachta é Yaftar san Iaráin a chomhoibríonn leis an Meitheal um Ábhar Coiriúil a Chinneadh (WGDICC). Cuidíonn Yaftar leis an gcur isteach forleathan ar rochtain ar an idirlíon trí uirlisí faireachais agus cos ar bolg a fhorbairt. Tá Yaftar ar cheann de phríomhchonraitheoirí atá i mbun cinsireacht ar líne san Iaráin agus tá baint aige le blocáil agus cinsireacht suíomhanna idirlín agus an aipeanna idirlín. Go sonrach, tá córais á bhforbairt ag Yaftar chun sonraí a bhailiú ó innill chuardaigh chun ábhar a mheasann WGDICC a bheith "coiriúil" a shainaithint agus cinsireacht a dhéanamh air. I bhfianaise an mhéid sin, chomhoibrigh Yaftar freisin le hOifig Ard-Aighne na hIaráine chun VPNanna a bhlocáil. Ina theannta sin, oibríonn Yaftar ar anailís íomhánna agus ar aghaidh-aithint. Trína ghníomhaíochtaí, tá teorainn shuntasach á cur ag Yaftar ar an rochtain ar fhaisnéis neamhspleách agus ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh shaoránaigh na hIaráine. Dá bhrí sin, tá Yaftar freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026
50.	Douran Software Technologies گروه دوران ar a dtugtar freisin Douran Group ar a dtugtar freisin Douran Information Technologies ar a dtugtar freisin Douran Software	Seoladh: No. 62, 1st floor, Shahid Farshad ayyazi(9th), Shahid Abdolhamid Sabunchi St., Shahid Beheshti Ave., Tehran, 1533763811, an Iaráin Áit chlárúcháin: An Iaráin Dáta clárúcháin: 4.10.2004 Cláruimhir: 231475 Uimhir aitheantais náisiúnta: 10102527140 Suíomh gréasáin: www.douran.ir	Is cuideachta bogearraí Iaránach é Douran Software Technologies a bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí blocála agus cinsireachta idirlín. Soláthraíonn sé uirlisí anailíse tráchta agus cinsireacht, scagadh idirlín agus blocáil trealaimh VPNanna do sholáthraithe idirlín na hIaráine. Tá baint ag Douran Software Technologies le tionscadail an National Information Network (an Líonra Náisiúnta Faisnéise) agus comhoibríonn sé, i measc grúpaí eile, leis an Meitheal um Ábhar Coiriúil a Chinneadh (WGDICC) agus le Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) chun rochtain ar shuíomhanna gréasáin idirnáisiúnta a theorannú. Ar an gcaoi sin tá Douran Software Technologies ag sárú an chirt chun faisnéis a fháil, saoirse comhthionóil agus saoirse chun tuairimí a nochtadh atá ag daoine san Iaráin, trí rochtain ríthábhachtach ar an idirlíon a bhlocáil. Dá bhrí sin, tá Douran Software Technologies freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
51.	Masaf Institute	Áit chlárúcháin: An Iaráin Dáta clárúcháin: Meitheamh 2011	Is eagraíocht é Masaf Institute (Institiúid Masaf) a bhunaigh Ali Akbar Raefipour in 2011. Tá ról lárnach ag Institiúid Masaf maidir leis an bhfreasúra polaitiúil a chur ina thost, trí pháirt a ghlacadh i bhfeachtais "docsála" agus chlúmhillte ina gcoinne siúd san Iaráin atá in aghaidh an réimis. Forbraíonn sé cibear-airm atá ar son an réimis, eagraíonn sé ionsaithe ar líne, agus scaipeann sé bréagaisnéis, arb é is aidhm di easaontóirí polaitiúla a shainaithint. Bhí baint aige le feachtais chomhordaithe "docsála" faoi stiúir Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) as ar eascair coinneáil na n-easaontóirí polaitiúla. Feidhmíonn Institiúid Masaf mar ionad bolscaireachta don Phoblacht Ioslamach, trí úsáid a bhaint as uirlisí iomadúla, mar shampla gearrthóga físe, cláir faisnéise, gearrscannáin, cluichí, bogearraí, ceol, grafaicí, cartúin, léaráidí, agus anailís ar imeachtaí polaitiúla. Dá bhrí sin, tá na cearta chun faisnéis a fháil, comhthionóil agus chun tuairimí a nochtadh atá ag muintir na hIaráine á shárú ag Institiúid Masaf. Dá bhrí sin, tá Institiúid Masaf freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.	29.1.2026'.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/267/oj